V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11250 – RELIANCE / BROOKFIELD / DIGITAL REALTY / JV) (Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 315/05)

1. An 28 Lúnasa 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Reliance Industries Limited ('Reliance', an India),

— Project Holdings Three (DIFC) Limited, atá faoi rialú deiridh Brookfield Corporation ('Brookfield', Ceanada),

— Digital India, LLC, atá faoi rialú deiridh Digital Realty Trust, Inc. ('Digital Realty', na Stáit Aontaithe),

— Mercury Holdings SG Pte. Ltd. (Singapore) agus a fhochuideachtaí BAM DLR Data Centre Services Private Limited, BAM DLR Mumbai Private Limited, BAM DLR Chennai Private Limited, BAM DLR Network Services Private Limited, agus BAM DLR Kolkata Private Limited ('JV', an India).

Gheobhaidh Reliance, Brookfield agus Digital Realty rialú comhpháirteach ar an JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta Indiach san earnáil phríobháideach é Reliance a bhfuil gníomhaíochtaí gnó i réimse earnálacha aige lena n-áirítear fuinneamh, peitriceimiceáin, gás nádúrtha, miondíol, na meán agus siamsaíocht, seirbhísí digiteacha agus teicstílí.

— Soláthraíonn Brookfield seirbhísí bainistíochta sócmhainne atá dírithe ar réadmhaoin, bonneagar, cumhacht inathnuaite agus cothromas príobháideach.

— Is iontaobhas infheistíochta réadmhaoine é Digital Reality ar leis lárionaid sonraí agus a dhéanann lárionaid sonraí a fháil, a fhorbairt agus a oibriú.

3. Is iad fáil, forbairt agus oibriú saoráidí lárionaid sonraí san India na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an JV.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11250 – RELIANCE / BROOKFIELD / DIGITAL REALTY / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.